Pobalscoil Chorca Dhuibhne

14 Lúnasa 2020

A chairde,

Beatha agus sláinte chugaibh.

Táimid ag oibriú linn ar scoil chun an áit a ullmhú don athoscailt ar an 27 Lúnasa. Tá go leor dul chun cinn déanta ach go leor le déanamh fós ag an am céanna. Beidh rudaí ana-dhifriúil nuair a osclaíonn an scoil arís agus beidh roinnt dúshlán i gceist. É sin ráite, creid é nó ná creid, beidh rudaí dearfacha ag tarlú chomh maith a chuirfidh le héispéireas phobal na scoile.
Tá go leor histéire sna meáin i láthair na huaire faoin athoscailt. Ná tabhair aon aird air sin. Tá sé lárnach inár gcuid smaointeoireachta go mbeidh scoil slán sábháilte againn, ag leanúint na comhairle ar fad ach ag an am céanna go mbeidh an gnáthatmaisféar taitneamhach le brath chomh maith. Táimid fós ag obair ar na mionsonraí ach tá roinnt eolais le roinnt agam anseo libh:

- Beidh na múinteoirí ar ais Déardaoin an 27 Lúnasa agus beidh grúpaí daltaí linn ó Dé hAoine an 28 Lúnasa ar aghaidh ag tosnú le Bliain a 6. Beidh na blianta eile ag teacht ar ais de réir a chéile i rith an chéad tseachtain chun deis a thabhairt dúinn na socruithe nua a mhíniú do na daltaí agus a chur i bhfeidhm. Beidh an Idirbhliain ag filleadh an tseachtain dár dtús an 7 Meán Fómhair.
- Beidh ar na daltaí mascanna/clúdach aghaidhe a chaitheamh aon áit nach bhfuilimid in ann 2m scaradh sóisialta a chleachtadh. Beidh masc agus cealtair aghaidhe againn do gach dalta.
- Beidh ar na daltaí atá ag taisteal ar bhusanna mascanna/clúdach aghaidhe a chaitheamh chomh maith. Moltar leis go suífidis le duine óna dteaghlach fhéin má bhaineann sin, nó murach sin duine óna rang fhéin.
- Tá liosta ag an HSE maidir le daoine atá go mór i mbaol agus atá i mbaol. Má tá leanbh leatsa ar na liostaí seo an féidir leat scéal a chur chugainn ag em@pcd07.ie chomh luath agus is féidir libh, le bhur dtoil? Is féidir teacht ar an liosta ag https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/people-at-higher-risk.html

Tá súil agam go gcabhraíonn an t-eolas sin libh ó thaobh prapála de. Mar is gnách, beimid ag obair as lámh a chéile chun a chinntiú go bhfuil gach duine slán sábháilte agus go bhfuilimid in ann leanúint le gnáthshaol scoile chomh mór agus is féidir.

Idir an dá linn, tugaíg aire agus beimid i dteagmháil go luath arís.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

Pobalscoil Chorca Dhuibhne

14 Lúnasa 2020

A chairde,

I hope all is well.

We are working hard at school to ensure everything is ready for the reopening on August 27th. We have made great progress but still have work to do. School will be a very different place when we reopen and there will be some challenges. With that said, believe it or not, there will be plenty of positive aspects that will add to the school experience for the entire school community. Currently there is some media hysteria around the reopening of schools. Try to disregard this. Central to our thinking will be the ambition to have a safe school, following all of the advice while at the same time fostering the normal enjoyable atmosphere that we are accustomed to. We are still working on the fine detail but the following information may be of interest to you:

- The teachers will be returning to school on Thursday August 27th and the students will start returning from Friday August 28th, beginning with the 6th Years. The other year groups will return on a phased basis the following week. This will allow us the space and time to explain all of the new arrangements to the students and implement them. The Transition Year Students will return the week commencing September 7th.
- The students will be required to wear masks/face covering any place that social distancing of 2m cannot be practised. We will provide a mask and face visor for each student.
- Students that travel to school by bus will also be required to wear a mask/face covering. It is also advised that they sit with a sibling on the bus where this applies or otherwise with a class mate.
- The HSE has a list of people that are categorised as being very high risk or high risk. If one of these categories applies to your child could you notify us at em@pcd07.ie as soon as possible please? You can access the lists at the following link: https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/people-at-higher-risk.html

I hope this information helps as you all prepare for the new school year. As always we will work together to ensure that everyone is safe and that we are continuing with normal school life as much as possible.

In the meantime take care and we will be touch.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide